nuacht@foinse.ie

# Foinse

Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge

2010 Barr 50 Gnó Le Gaeilge

AIM WINNER 2010

GAA Buaiteoir Gradam McNamee

COMÓRTAS G! Glór na nGael

**An Duais Uile-Éireann**

**Tá €5,000 ar fáil don scoil is fearr in Éirinn**

Spriocdháta: Dé Máirt 30 Samhain 2010

TÁ FOINSE AR FACEBOOK — BÍGÍ CÁIRDE LINN

# Ar mhaith leat dul ar thuras scoile iontach?

## Tá seans ag do rang lá speisialta agus €5,000 a bhuachan le Comórtas G!

Ar mhaith le do scoil €5000 a bhuachan? Ar mhaith leat dul ar thuras scoile eachtraíochta le do chairde?

Bhuel tá an deis ar fáil na duaiseanna seo a bhuachan le Comórtas G!.

Tá Foinse agus Glór na nGael ag obair i gcomhpháirtíocht lena chéile chun an Ghaeilge a chur chun cinn i meánscoileanna ar fud na tíre tríd an gcomórtas nua seo.

Caithfidh na daoine a bhfuil spéis acu páirt a ghlacadh sa chomórtas Cumann Gaelach a bhunú sa scoil.

Is féidir le scoileanna a bhfuil Cumann Gaelach bunaithe acu cheana féin cur isteach air freisin.

Ba cheart go mbeadh an Cumann Gaelach ag teacht le chéile ar bhonn rialta le linn na scoilbhliana, chun forbairt na Gaeilge i measc na ndaltaí a phlé, agus caithfidh ról gníomhach a bheith aige i saol na scoile.

Bronnfar €5000 ar an iarratas is fearr sa tír.


Thairis sin beidh turas scoile curtha ar fáil sna hionaid seo a leanas don iarratas is fearr i ngach cúige:

- **Cúige Uladh:** Ionad Eachtraíochta Gartan, Dún na nGall.
- **Cúige Laighean:** Scoil Surfála Freedom, Port Láirge.
- **Cúige Mumhan:** Ionad Eachtraíochta Eclipse, Ciarraí.
- **Cúige Chonnacht:** Ionad Eachtraíochta Delphi, Gaillimh.

Chun páirt a ghlacadh sa chomórtas iontach seo ní gá don chumann ach an fhoirm iontrála thíos a líonadh agus a sheoladh chuig Glór na nGael roimh 30 Samhain 2010.

Beidh cur síos ar an obair atá ar siúl ag cumann faoi leith le léamh in Foinse gach seachtain idir mí na Samhna agus mí an Mhárta agus fógrófar buaiteoirí an chomórtais seo le linn Sheachtain na Gaeilge.

**Tuilleadh eolais ó Glór na nGael ar 046 9430974 nó fiosru@glornangael.ie**




Saor in Aisce leis an Irish Independent gach Céadaoin